## Dualgais Teanga na gComhlachtaí Poiblí


1. Cad iad dualgais teanga na gcomhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla?
2. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí stáiseanóireacht i nGaeilge nó stáiseanóireacht dhátheangach a úsáid?
3. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí comharthaí i nGaeilge nó comharthaí dátheangacha a chur in airde?
4. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil a gcuid fógairtí taifeadta béil i nGaeilge nó go dátheangach?
5. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i nGaeilge nó go dátheangach?
6. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí faisnéis a thabhairt don phobal i nGaeilge nó go dátheangach?
7. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí doiciméid a fhoilsiú i nGaeilge nó go dátheangach?
8. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí foirmeacha a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?
9. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí bileoga nó bróisiúir eolais/ m(h)argaíochta a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?
10. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí nuachtlitreacha a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?
11. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí a gcuid suíomhanna gréasáin a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?
12. An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge nó go dátheangach?

## 1) Cad iad dualgais teanga na gcomhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla?

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí:

- A chinntiú gur i nGaeilge a fhreagraítear comhfhreagras (tríd an gcóras poist nó go leictreonach) a sheoltar i nGaeilge chuig comhlachtaí poiblí (alt 9(2) den Acht).

- A chinntiú nuair atá faisnéis áirithe á soláthar don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal tríd an gcóras poist nó go leictreonach (mar shampla cora poist) gur i nGaeilge nó go dátheangach atá an chumarsáid sin (alt 9(3) den Acht).
- Na doiciméid seo a leanas a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla:
    - aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;
    - aon tuarascáil bhliantúil;
    - aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;
    - aon ráiteas straitéise atá déanta faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997;
    - aon doiciméad a fhorordaíonn an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (i gcomhar le hAirí eile, más cuí) go bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leis (alt 10 den Acht).

- Tá sé de dhualgas ar Thithe an Oireachtais gach acht a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla a luaithe agus is féidir tar éis don Acht a bheith achtaithe (alt 7 den Acht). De réir Acht Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006, alt 3(2)(a), titeann an dualgas ar Choimisiún Thithe an Oireachtais seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil ó theanga oifigiúil amháin go dtí an teanga oifigiúil eile i gcás Achtanna an Oireachtais.

- Tá dualgas ar gach cúirt glacadh le rogha teanga oifigiúil (Gaeilge nó Béarla) an té a bhfuil gnó aige nó aici leis an gcúirt sin (alt 8 den Acht).

- Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí scéim teanga a aontú leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta nuair a iarrann an tAire ar an gcomhlacht é sin a dhéanamh agus gealltanais na scéime reachtúla sin a chur i bhfeidhm (alt 11-18 den Acht).

- Tá sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga maidir le comhlíonadh fheidhmeanna na hOifige sin. San áireamh anseo tá comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga nuair atá sé ag fiosrú gearáin, ag seoladh imscrúdú agus/nó ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh dhualgais teanga na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht (alt 22 den Acht).

- Tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí feidhmiú de réir na Rialachán atá déanta ag an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais, agus Gaeltachta maidir le húsáid na Gaeilge i gcomharthaí, stáiseanóireacht agus fógairtí taifeadta béil (alt 9(1) den Acht).

Ar ais

**2) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí stáiseanóireacht i nGaeilge nó stáiseanóireacht dhátheangach a úsáid?**

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoi na Rialacháin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chinntiú go bhfuil na ceannteidil ar an stáiseanóireacht seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:

a) Nóta-pháipéar;
b) Duillíní dea-mhéine;
c) Leatháin chlúdaigh facs;
d) Clúdaigh chomhad agus fillteán eile;
e) Lipéid;
f) Clúdaigh litreach.

Is iad na heochairdhátaí do theacht i bhfeidhm na Rialachán maidir le stáiseanóireacht ná:

| |
|---|
| **1 Márta 2009** |

| |
|---|
| I gcás stáiseanóireachta a bhí i seilbh comhlachta phoiblí cheana féin ar an 1 Márta 2009, is é an spriocdháta do theacht i bhfeidhm na Rialachán ná:<br><br>**1 Márta 2011** |

| |
|---|
| I gcás stáiseanóireachta ar ghá ríomhchlár a athrú ina leith chun an |

Ar ais

**3) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí comharthaí i nGaeilge nó comharthaí dátheangacha a chur in airde?**

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil na comharthaí a chuireann siad in airde, nó a chuirtear in airde thar a gceann, sa Stát nó lasmuigh den Stát i nGaeilge nó dátheangach.

Is iad na heochairdhátaí do theacht i bhfeidhm na Rialachán maidir le comharthaí ná:

| | | |
|---|---|---|
| **A** | I gcás **comharthaí nua**, is é sin comharthaí a shuitear in aon suíomh ar 1 Márta 2009 nó dá éis sin (cibé acu an in ionad comharthaí níos sine atá siad nó nach ea). | **1 Márta 2009** |
| **B** | I gcás comharthaí a shuitear in aon suíomh roimh 1 Márta 2009 ar comharthaí iad ar ina leith a bheadh na rialacháin seo á gcomhlíonadh murach **earráid sa téacs Gaeilge**. | **1 Márta 2012** |
| **C** | I gcás comharthaí **i mBéarla amháin** a shuitear in aon suíomh roimh 1 Márta 2009. | **1 Márta 2013** |
| **D** | I gcás comharthaí a shuitear in aon suíomh ar comharthaí iad atá ag cloí leis na rialacháin **ach** nach bhfuil an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla **nó** go bhfuil na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla. | **1 Eanáir 2026** |
| **E** | I gcás comharthaí de gach aicme eile. | **1 Márta 2013** |

Ar ais

## 4) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil a gcuid fógairtí taifeadta béil i nGaeilge nó go dátheangach?

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil fógairtí taifeadta béil a dhéanann siad nó a dhéantar thar a gceann i nGaeilge nó go dátheangach faoi 1 Iúil 2013.

Is iad na fógairtí atá i gceist ná:

1. Fógairtí taifeadta béil ar an teileafón atá le cloisteáil nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta mar shampla: "*Tá an oifig seo oscailte ó a naoi go dtí a leathuair tar éis a cúig. Tá an oifig dúnta anois ach fág teachtaireacht agus cuirfear glaoch ar ais ort*."

2. Fógairtí taifeadta béil atá á dtarchur trí mheán córas callaireachta poiblí mar shampla fógairtí taifeadta ar nós rabhadh slándála in aerfort, i stáisiún traenach nó in aon ionad poiblí eile.

3. Fógairtí taifeadta béil a chruthaítear agus a tharchuirtear trí mheán seirbhís ríomhairithe teachtaireachta nó seirbhís ríomhairithe freagartha teileafóin mar shampla: "Brúigh 1 do chuntais; brúigh 2 don lasc-chlár."

Tabhair faoi deara gur fógairtí **taifeadta** seachas fógairtí **beo** a bhaineann le hábhar anseo.

Is é an spriocdháta do theacht i bhfeidhm na Rialachán maidir le fógairtí taifeadta béil ná:

**1 Iúil 2013**

[Ar ais]

**5) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i nGaeilge nó go dátheangach?**

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoi fho-alt 9(2) den Acht cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach i dteanga oifigiúil amháin a fhreagairt sa teanga chéanna. Nuair a scríobhann duine chuig comhlacht poiblí i nGaeilge, i bhfoirm litreach nó leis an ríomhphost, tá an duine sin i dteideal freagra a fháil i nGaeilge. Dá bhrí sin tá dualgas ar na comhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun déileáil le comhfhreagras i nGaeilge. Níor chóir go mbeadh an tseirbhís i nGaeilge ar chaighdeán níos ísle ná an tseirbhís i mBéarla.

Tá feidhm ag an dualgas seo faoin Acht sa chás go bhfuil an comhfhreagras tionscanta ag an duine leis an gcomhlacht poiblí. Ní bhaineann sé le cás ina bhfuil an comhfhreagras tionscanta ag an gcomhlacht poiblí.

Ach má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanas tugtha sa scéim teanga maidir le comhfhreagras i nGaeilge le daoine atá cláraithe lena aghaidh sin leis an gcomhlacht poiblí, caithfidh an comhlacht poiblí an gealltanas reachtúil sin a chomhlíonadh agus comhfhreagras a dhéanamh leis na daoine sin i nGaeilge. Tá an gealltanas reachtúil seo ann is cuma cé acu ar thionscain an duine nó an comhlacht poiblí an comhfhreagras ós rud é go bhfuil an duine cláraithe leis an gcomhlacht poiblí do chomhfhreagras i nGaeilge.

Ar ais

**6) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí faisnéis a thabhairt don phobal i nGaeilge nó go dátheangach?**

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoi fho-alt 9(3) den Acht a chinntiú go bhfuil aon fhaisnéis i scríbhinn a chuirtear chuig an bpobal i gcoitinne, nó chuig aon aicme den phobal i gcoitinne, i nGaeilge amháin nó dátheangach.

Ba chóir do chomhlachtaí poiblí na slata tomhais seo a leanas a úsáid agus iad ag iarraidh a mheas an dtagann nó nach dtagann an chumarsáid atá beartaithe faoi scáth alt 9(3) den Acht:

- An comhlacht poiblí faoin Acht atá i mbun na cumarsáide?
- An bhfuil an chumarsáid á déanamh tríd an bpost nó tríd an bpost leictreonach?
- An cumarsáid í a bhfuil sé mar sprioc aici faisnéis a thabhairt?
- An bhfuil an chumarsáid leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne?

Má shásaíonn an chumarsáid atá beartaithe ag an gcomhlacht poiblí gach ceann de na slata tomhais seo, bheadh an chosúlacht air go dtagann sé faoi alt 9(3) den Acht agus ba chóir í a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.
Is eolas ginearálta é an t-eolas i gcora poist a chuirtear ar fáil don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne seachas eolas indibhidiúil, pearsanta. Ar ndóigh, d'fhéadfaí eolas i gcora poist a eisiúint in iliomad formáidí éagsúla, mar shampla litreacha, bileoga, bróisiúir, nuachtlitreacha, srl.

Ní thugtar aon sainmhíniú faoin Acht ar na coincheapa *"an pobal i gcoitinne"* nó *"aicme den phobal i gcoitinne"*. Dá bhrí sin, cuirtear an riail fhorléirithe dhlíthiúil i bhfeidhm agus caitear an comhthéacs iomlán ina bhfuil an fhoclaíocht in úsáid agus gnáthbhrí na bhfocal a thógáil san áireamh.

Tá an chosúlacht air go bhfuil sé soiléir gurb ionann *"an pobal i gcoitinne"* agus an pobal go ginearálta .i. gach uile áitreabh sa stát. Ar ndóigh, ní bheadh sé indéanta d'Oifig an Choimisinéara Teanga gach uile chás a shamhlú ina bhféadfadh comhlachtaí poiblí cora poist a eisiúint chuig *"aicme den phobal i gcoitinne"*. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach roinnt samplaí a thabhairt d'aicme den phobal i gcoitinne, mar shampla gach uile phinsinéir, gach uile thuismitheoir singil, gach uile mhac léinn, gach uile dhuine a bhfuil cónaí air/uirthi i limistéar ar leith. Sa chás go n-eisítear cora poist chuig grúpaí proifisiúnta ar leith (mar shampla gach uile dhochtúir, gach uile dhlíodóir) nó chuig daoine a roghnaigh iad féin a chlárú i mbunachar sonraí eagraíochta faoi leith (mar shampla deontóirí fola), ní áirítear iad seo mar aicmí den phobal i gcoitinne faoin reachtaíocht áirithe seo.

Ar ais

**7) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí doiciméid a fhoilsiú i nGaeilge nó go dátheangach?**

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoi alt 10 den Acht croídhoiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla:

- Aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí;
- Aon tuarascáil bhliantúil;
- Aon chuntas iniúchta nó ráiteas airgeadais;
- Aon ráiteas straitéise atá déanta faoi alt 5 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997;
- Aon doiciméad atá forordaithe go cuí mar go bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leis.

Ar ais

**8) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí foirmeacha a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?**

Ní thagann úsáid na Gaeilge ar fhoirmeacha faoin Acht ná faoi na Rialacháin. Dá bhrí sin, níl aon dualgas faoin Acht ná faoi na Rialacháin ar chomhlachtaí poiblí iad a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Ach má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir le foirmeacha a sholáthar i nGaeilge nó go dátheangach, caithfidh an comhlacht poiblí an gealltanas reachtúil a chomhlíonadh.

Ar ais

**9) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí bileoga nó bróisiúir eolais/ m(h)argaíochta a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?**

Ní thagann úsáid na Gaeilge ar bhileoga nó ar bhróisiúir eolais/m(h)argaíochta faoin Acht ná faoi na Rialacháin. Dá bhrí sin, níl aon dualgas faoin Acht ná faoi na Rialacháin ar chomhlachtaí poiblí iad a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach, mura bhfuil gealltanas ina leith tugtha i scéim teanga an chomhlachta phoiblí nó mura bhfuil an bhileog nó an bróisiúr le scaipeadh mar chora poist.

Má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir le bileoga nó bróisiúir eolais/m(h)argaíochta, caithfidh an comhlacht poiblí an gealltanas reachtúil a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, dá mba rud é gur eisíodh a leithéid de bhileoga nó de bhróisiúir mar chora poist chuig an bpobal i gcoitinne nó chuig aicme den phobal i gcoitinne, chaithfidís a bheith i nGaeilge nó dátheangach faoi alt 9(3) den Acht.

Ar ais

**10) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí nuachtlitreacha a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?**

Go ginearálta, ní thagann úsáid na Gaeilge i nuachtlitreacha faoi fhorálacha díreacha an Achta ná faoi na Rialacháin. Dá bhrí sin, níl aon dualgas faoin Acht ná faoi na Rialacháin ar chomhlachtaí poiblí nuachtlitreacha a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach, mura bhfuil gealltanas ina leith tugtha i scéim teanga an chomhlachta phoiblí nó mura bhfuil an nuachtlitir le scaipeadh mar chora poist.

Má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir le nuachtlitreacha, caithfidh an comhlacht poiblí an gealltanas reachtúil a chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, dá mba rud é gur eisíodh a leithéid de nuachtlitreacha chuig an bpobal i gcoitinne nó chuig aicme den phobal i gcoitinne, chaithfidís a bheith i nGaeilge nó dátheangach faoi alt 9(3) den Acht.

Ar ais

**11) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí a gcuid suíomhanna gréasáin a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach?**

Ní thagann suíomhanna gréasáin faoi fhorálacha díreacha an Achta ná faoi na Rialacháin. Dá bhrí sin, níl aon dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht ná faoi na Rialacháin suíomh gréasáin a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Ach má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir le suíomh gréasáin dátheangach, caithfidh an comhlacht poiblí an gealltanas reachtúil a chomhlíonadh.

Ar ais

**12) An bhfuil dualgas ar chomhlachtaí poiblí fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge nó go dátheangach?**

Níl aon dualgas ar chomhlachtaí poiblí fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge nó go dátheangach faoi fhorálacha díreacha an Achta ná faoi na Rialacháin. Faoi fho-alt 9(1) den Acht is féidir leis an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta rialacháin a dhéanamh maidir le fógraíocht ach níl aon rialacháin den saghas sin déanta go fóill.

Má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir le fógraíocht, caithfidh an comhlacht poiblí an scéim reachtúil a chomhlíonadh. Is beag scéim go dáta a bhfuil a leithéid d'fhoráil inti agus dá bhrí sin, is beag comhlacht poiblí a bhfuil an dualgas air fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge nó go dátheangach. Roghnaíonn comhlachtaí poiblí áirithe, áfach, fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge nó go dátheangach mar pholasaí agus mar dhea-chleachtas.

Ar ais